


# BAILL AN CHOIRP



## Cuir síos ar chuma fhisiciúil duine éigin

Tá sé/sí sean/óg/meánaosta. Is leanbh/déagoir/seanbhean/seanfhear/  
seandhuine/duine fásta/duine óg é/í.

Tá sé/sí X X atá sé/sí Tá sé/sí ard/tanaí  
Is duine ard/beag/measartha ard/measartha beag é/í.

Craiceann geal atá air/uirthi. Tá sí dorcha sa chraiceann. Tá sé bán san  
aghaidh. Tá a haghaidh dearg. Tá sí buí\* sa chraiceann (\*buí nó donnbhúí =  
"sallow" i mBéarla). Tá luisne na sláinte ina craiceann.

Tá corp tanaí/ramhar/measartha tanaí/measartha ramhar/ar chruth an  
phiorra aige/aici.

Tá aghaidh leathan/chaol/chruinn/ubhchruth air/uirthi.

Is bean bheag théagartha í.  
Is fear geal téagartha é.  
Is seandhuine cromtha é. Níl droim dhíreach aige.  
Srón cam agus cluasa mhóra aige.

Tá sé maol. Is duine maol é.  
Is fear dubh é. Is fear é a bhfuil gruaig dhubh air.  
Is bean bhán/fhionn í. Is bean í a bhfuil gruaig fhionn/bhán uirthi.  
Is páiste rua é. Is páiste é a bhfuil gruaig rua air.  
Tá gruaig fhada dhubh air.  
Tá gruaig chatach fhionn uirthi. Tá sí fionn catach.  
Tá gruag liath dhualach ghairid.  
Tá sé dea-chóirithe/giobach.

## Sraitéisí Foghlama agus Cumarsáide

An féidir leat cuidiú liom? An dtig leat cuidiú liom?

Cad é an Gaeilge atá ar...? Cur Gaeilge ar ... le do thoil/mura mhiste leat?

Cad é mar a deirtear...?

An dtuigeann tú sin?

Gabh mo leithscéal, ach ní thuigim sin. Tá brón orm, ach ní thuigim sin.

An bhfuil sin ceart? An bhfuil sin mícheart?

Cad é a chiallaíonn ...?

An bhféadfá é sin a mhiniú dom, le do thoil?

Níor thuig mé/níor chuala mé i gceart. Abair arís é, le do thoil.

An é "....." a dúirt tú?

An féidir leat labhairt níos moille? An bhféadfá labhairt níos moille, le do thoil?